C/2025/4681

20.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12088 — SWISS LIFE HOLDING / APG / ITINERE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4681)

1. An 12 Lúnasa 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Swiss Life Holding A.G. ('Swiss Life', an Eilvéis),

— APG Asset Management N.V. ('APG', an Ísiltír) faoi rialú APG Groep N.V. ('APG Groep', an Ísiltír),

— Itínere Infraestructuras, S.A. ('Itínere' nó an 'Sprioc-chomhlacht', an Spáinn), faoi rialú APG.

Gheobhaidh Swiss Life, trí Swiss Life Retina BidCo S.à.r.l. (Lucsamburg) ar meán sainchuspóireach é, agus APG rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Itínere ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir réiteach cuimsitheach saoil, pinsin agus airgeadais do chorparáidí agus do dhaoine aonair é Swiss Life,

— Is soláthraí pinsin san Ísiltír é APG agus soláthraíonn sé seirbhísí sainchomhairleoireachta feidhmiúcháin, seirbhísí bainistíochta sócmhainní, seirbhísí pinsin agus cumarsáide agus seirbhísí fostóra.

3. Tá Itínere gníomhach san earnáil bóithre dola, agus go sonrach, i mbainistiú lamháltas.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12088 — SWISS LIFE HOLDING / APG / ITINERE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË